



An Bhruiséil, 24 Meán Fómhair 2018
(OR. en)

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2018/0224(COD)
2018/0225(COD)

12066/2/18
REV 2

RECH 370
COMPET 594
IND 236
MI 625
EDUC 317
TELECOM 277
ENER 297
ENV 583
REGIO 70
AGRI 415
TRANS 367
SAN 264
CADREFIN 193
CODEC 1445

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	9865/18 + ADD 1
Ábhar:	<i>Ullmhúchán don Chomhairle lomaíochais ar an 28-28 Meán Fómhair 2018</i> Pacáiste na Físe Eorpaí: Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht 2021-2027 a) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh b) Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gclár sonrach a bhunú lena ndéantar Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht a chur chun feidhme <i>- Tuarascáil ar dhul chun cinn</i>

I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 7 Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún 'pacáiste na Físe Eorpaí (HEU)' faoi bhráid na Comhairle¹.
2. Murab ionann agus an clár réime reatha (Fís 2020), déanann an Rialachán lena mbunaítear Fís Eorpach dhá ghníomh dlí (an clár réime agus na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh) a chumasc in aon ghníomh dlí amháin. Is ar struchtúr trí cholún a bhunófar an clár: Trí bhíthin an chéad cholúin maidir le hEolaíocht Oscailte, áiríteofar leanúnachas láidir le Fís 2020 i dtaobh tacú le heolaíocht den scoth agus soghluaisteacht taighdeoirí agus na mbonneagar taighde. Cur chuige ón mbun aníos a bheidh i gceist leis sin cuid mhaith. Sa dara colún, Dúshlání dhomhanda agus iomaíochas tionsclaíoch, tabharfar aghaidh ar na dúshlání shochaíocha agus feabhsófar na teicneolaíochtaí tionsclaíocha le cur chuige ón mbarr anuas lena dtabharfar aghaidh ar dhúshlání iomaíochais agus ar dheiseanna i dtaca le beartas an Aontais agus beartas domhanda. Chomh maith leis na glaonna rialta ar thograí, tabharfar isteach sraith theoranta misean a bheidh thar a bheith sofheicthe. Leis an tríú colún, an Nuálaíocht Oscailte, díreofar ar an nuálaíocht cheannródaíoch –lena gcruthófar margadh nua – a mhéadú trí Chomhairle Nuálaíochta Eorpach nua a bhunú. Tacóidh bearta an cholúin sin le feabhas a chur ar éiceachórais nuálaíochta Eorpacha agus leanfar den tacaíocht a thugann an tAontas don Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (IET).
3. Cumhdaítear sa tuarascáil seo na nithe seo a leanas:
 - a) **Rialachán** na Físe Eorpaí (lena n-áirítear rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh), lena gcumhdaítear gnéithe lárnacha uile an chlár – idir struchtúr, chuspóirí, agus na sásraí buiséid agus maoinithe atá beartaithe – maille le comhpháirtíochtaí Eorpacha, misin, rochtain oscailte agus comhlachas féideartha tíortha le Fís Eorpach; agus

1 9865/18 + ADD 1-6, 9870/18 + ADD 1-6 + ADD 6 COR 1, 9868/18 + ADD 1-2, 9871/18 + ADD 1-6

- b) An **clár sonrach**, lena sainítear agus lena bhforbraítear réasúnaíocht na ngníomhaíochtaí atá beartaithe, na réimsí gaolmhara idirghabhála, agus treoirlínte idirghabhála a bhaineann go sonrach le gach ceann de thosaíochtaí an chreat-togra. Cuirtear béim leis sin ar an gcur chun feidhme gona struchtúir freisin (ERC, EIC, EIT,) darb aidhm na cuspóirí atá leagtha síos a bhaint amach agus na gníomhaíochtaí atá beartaithe a thabhairt i gcrích.

II. STAID NA hIMEARTHA

Faoi Uachtaránacht na Bulgáire (3 chruinniú) agus Uachtaránacht na hOstaire (11 chruinniú go dtí an 13.9.2018), thosaigh Meitheal na Comhairle um Thaighde (RECH WP) ag scrúdú na tograí ón gCoimisiún bunaithe ar phacáistí téamacha.

Cé gur ar eilimintí éagsúla na Físe Eorpaí arna dtíolacadh ag an gCoimisiún (lena n-áirítear an measúnú tionchair a ghabhann léi), mar aon le barúlacha gaolmhara agus ceisteanna ó na Ballstáit, a dhírigh cruinnithe mhí an Mheithimh agus mhí Iúil, is ar an idirphlé maidir le saincheisteanna sonracha go dtí seo a díriodh ag cruinnithe mhí Mheán Fómhair (bunúis dlí, an phleanáil straitéiseach, sineirgí le CFRE, rialacha maidir le rannpháirtíocht).

Tháinig na hairí taighde le chéile ag cruinniú neamhfhoirmiúil d'airí (Taighde) i Vín ar an 17 Iúil 2018 chun tuairimí a mhalartú den chéad uair maidir le togra na Físe Eorpaí.

Ina theannta sin, bhí deis ag na Ballstáit aiseolas a chur ar fáil i scríbhinn maidir leis na pacáistí téamacha atá i dtogra na Físe Eorpaí, pacáistí a pléadh ar an leibhéal teicniúil i gcaitheamh mhí Iúil. Bunaithe ar ionchur arna sholáthar ag na Ballstáit, déanfaidh an Uachtaránacht dréacht de chéad téacs ón Uachtaránacht ar a ndéanfar tuilleadh scrúdaithe agus caibidlíochta sna seachtainí atá romhainn.

Cé gur dhíol sásaimh ar an iomlán do thromlach na dtoscaireachtaí na tograí thuasluaite ón gCoimisiún, d'ardaigh na toscaireachtaí roinnt saincheisteanna le linn an idirphlé agus sna barúlacha a tugadh i scríbhinn. Leagtar amach anseo thíos na príomh-shaincheisteanna agus an réasúnaíocht ábhartha.

1. GINEARÁLTA

- Bunúis Dlí: Tá Fís Eorpach bunaithe ar na Teidil "Taighde" agus "Taighde agus forbairt theicneolaíoch agus an spás" de CFAE (Airteagail 173, 182, 183 agus 188). I bhfianaise na tacaíochta láidre a thugann sé don nuálaíocht, mhol an Coimisiún gur ar na teidil "Tionsclaíocht" agus "Taighde agus forbairt theicneolaíoch agus an spás" (Airteagal 173 agus Airteagal 182) de CFAE a bhunófaí an clár sonrach lena gcuirfear Fís Eorpach chun feidhme. Faoin teideal 'Tionscal' a bunaíodh an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) agus leanfar dá maoiniú trí ranníocaíocht airgeadais ón gclár Fís Eorpach. Is ar Airteagal 7 de Chonradh Euratom atá an togra le haghaidh clár taighde agus oiliúna Euratom bunaithe.

Ós rud é go n-imíonn sin ó na bunúis dlí a beartaíodh d'Fhís 2020, iarradh ar Sheirbhís Dlí na Comhairle (SDC) ar an 18 Meitheamh 2018, le linn an phlé a rinneadh ag cruinniú na Meithle um Thaighde, a tuairim a thabhairt maidir leis na bunúis dlí atá á moladh ag an gCoimisiún don togra le haghaidh Cinneadh maidir leis an gclár sonrach (Airteagal 173(3) CFAE agus Airteagal 182(2) CFAE), agus, go sonrach maidir le leas a bhaint as Airteagal 173(3) CFAE, mar cheann de dhá bhunús dlí an togra sin.

Dar le SDC, is bunúis iomchuí dlí atá molta ag an gCoimisiún don Rialachán maidir leis an gclár réime, ach gur ar Airteagal 182(4) amháin is ceart an Cinneadh maidir leis an gclár sonrach a bhunú. Dá réir sin, ba cheart an Cinneadh maidir leis an gclár sonrach a ghlacadh de bhun nós imeachta reachtach speisialta (arna ghlacadh tar éis dul i gcomhairle le PE agus CESE).

Ar an 11 Meán Fómhair 2018, thíolaic an Coimisiún Eorpach páipéar leathoifigiúil lenar dearbhaíodh gur bunús dlí dubailte is rogha leis don togra uaidh le haghaidh an Chinnte maidir leis an gclár sonrach. Mhínigh an Coimisiún réasúnaíocht an rogha sin agus d'fhreagair sé na hargóintí ó SDC. Phléigh RECH WP tuairim SDC agus bealaí a bhféadfaí dul chun cinn,² sna cruinnithe a bhí aici ar an 3 agus ar an 13 Meán Fómhair 2018, áit ar chuir tromlach na mBallstát in iúl gur mhian leo comhairle SDC a dhéanamh.

2 Bunaithe ar WK 9744/2018 INIT: Nóta ón Uachtaránacht an 27 Lúnasa 2018 – Bealaí a bhféadfaí dul chun cinn i bhfianaise na tuairime ó Sheirbhís Dlí na Comhairle (SDC) maidir leis na bunúis dlí d'Fhís Eorpach

- Pleanáil straitéiseach: Chun cuspóirí HEU a chur chun feidhme go comhtháite agus chun méid áirithe solúbthachta a bheith sa chur chun feidhme, foráiltear i dtogra HEU do phróiseas pleanála straitéisí lena bhféachtar le cuspóirí comhchoiteanna agus réimsí comhchoiteanna le haghaidh gníomhaíochtaí, amhail réimsí comhpháirtíochta agus misin, a shainnithint. Léirigh Ballstáit inní maidir le haibíocht choincheap na pleanála straitéisí, go háirithe maidir le ról foirmiúil na mBallstát sa phróiseas agus na gnéithe a chumhdaítear leis. Bhí an tsaincheist ar an gclár oibre ag cruinniú na n-airí (Taighde) i Vín ar an 17 Iúil 2018. Chun tuilleadh a léamh faoin ábhar seo, féach ST 12071/18 Nóta cúlra maidir le pleanáil straitéiseach.
- Teidil na gcolún: D'iarr roinnt toscaireachtaí go ndéanfaí teidil na gcolún a athainmniú, go háirithe colún 1 "Eolaíochta oscailte" agus colún 3 "Nuálaíocht oscailte". Is é is cúis leis sin gur furasta iad a mheascadh le coincheapa eile de chuid na heolaíochta oscailte (rochtain ar thaighde eolaíochta, ar shonraí agus ar leathadh a sholáthar a thúsce a chuirfear ar fáil iad trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach chomhoibríoch) agus de chuid na nuálaíochta oscailte (próiseas na nuálaíochta a oscailt do dhaoine a bhfuil taithí acu i réimsí eile seachas an saol acadúil nó saol na heolaíochta). Baineann an Coimisiún úsáid as na coincheapa sin i gcomhthéacs an taighde agus na nuálaíochta agus is gnéithe bunriachtanacha d'Fhís Eorpach iad.
- Ról na FBManna: Le bunú na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí, féachann togra HEU le roinnt gníomhaíochtaí d'Fhís 2020 a chomhtháthú faoi scáth na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí. Laistigh den Chomhairle sin, is mian leis an gCoimisiún gníomhaíochtaí a dhíriú ar nuálaíochtaí suaiteacha/ceannródaíocha. Chuir na toscaireachtaí in iúl gur díol inní dóibh sa chéad áit nach luaitear an nuálaíocht incriminteach go sonrach: úsáideann go leor FBManna an nuálaíocht incriminteach mar mhodh tábhachtach nuálaíochta agus chun margáí nua a chruthú. Anuas air sin, léirigh siad inní nach mbeadh ionstraim spriocdhírthe ann do FBManna, rud ar bhain na mílte FBManna ar fud na hEorpa tairbhe as i bhFís 2020.
- Ról an tionscail Eorpaigh agus na n-eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin: Leis na socruithe athbhreithnithe le haghaidh gníomhaíochtaí laistigh de HEU, ní fhoráiltear do ghníomhaíochtaí sonracha don tionscal i gcoitinne ná do na heochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin (KETanna) go sonrach. Is mian leis na Ballstáit ról níos feiceálaí a bheith ag lucht tionsclaíochta agus ag KETanna, agus an ról rithábhachtach a imríonn siad maidir le hiomaíochas na hEorpa á chur san áireamh.

- Taighde comhoibríoch: Tá comhaontú ginearálta i measc na dtoscaireachtaí go gcruthaítear breisluach tábhachtach le tionscadail chomhoibritheacha trasteorann arna maoiniú ag an gclár réime. Dá réir sin, ní mór do thionscadail chomhoibritheacha den chineál sin fanacht i gcroílár HEU freisin.
- Sineirgí: Leagann togra HEU tábhacht mhór ar cheist na sineirgí, sna gnéithe éagsúla de HEU agus, níos mó fós, le cláir eile de CAI. Dhearbhaigh na toscaireachtaí an tábhacht a bhaineann le sineirgí. Is díol inní dóibh, áfach, an méadú atá ag teacht ar an gcastacht agus an tionchar a bhaineann leis sin maidir le comhar éifeachtach beartais, maidir le cur chun feidhme agus maidir le comhphobail taighde ar mian leo a bheith rannpháirteach sna cláir. Tá tábhacht thar na bearta le sineirgí le CFRE do go leor Ballstát, agus is ar an mbonn sin a thionóil an Uachtaránacht Seimineár Teicniúil tiomnaithe ar an 6 Meán Fómhair 2018.

2. RIALACHÁN

- Taighde Cosanta: Faoi chuimsiú na gClár CAI i ndiaidh 2020, mhol an Coimisiún go mbunófaí Ciste Eorpach Cosanta, lena n-áirítear infheistíochtaí i dtaighde (sa bhreis ar dheis chun acmhainní a fhothú). Ós rud é go sonraítear in CFAE gur cheart go gcuimseofaí gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta uile an Aontais sa chlár réime, is in HEU (Airteagal 5) atá an taighde cosanta fódaíthe. Cé go n-éilíonn tromlach na mBallstát go ndéanfaí an dá chlár a scaradh go soiléir ó chéile agus go leagann siad béim ar an tábhacht agus ar an ngá atá le cineál sibhialta na Físe Eorpaí a choinneáil, cuireann an tuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle de chomhairle ar an gComhairle na tagairtí a neartú maidir leis an geiste cosanta sa rialachán HEI chun nasc níos soiléire a dhéanamh idir na cláir. Thug SDC aghaidh air sin sa chur i láthair ó bhéal a thug sí ag RECH WP ar an 3 Meán Fómhair 2018.

- Misin: Cé gur dhíol sásaimh do thromlach na dtoscaireachtaí an smaoineamh go dtabharfaí isteach líon teoranta misean spriocdhírthe, léiríodh imní faoi phróiseas roghnúcháin na misean sin agus rannpháirtíocht faoi seach na mBallstát (tríd an bpróiseas pleanála straitéisí). D'ardaigh na Ballstáit ceisteanna maidir le leithdháileadh an bhuiséid ón gnuaschlúdach foriomlán, an cur chuige punainne atá beartaithe, agus an struchtúr nua cur chun feidhme trí bhoird misin agus bainisteoirí misin agus na ról agus an t-údarás a bhíonn acu faoi seach, agus na hoibleagáidí a bhíonn orthu, i gcomhthéacs an nós imeachta coiste freisin.
- Comhpháirtíochtaí: Tá coinne i dtogra HEU do chur chuige cuíchóirithe i leith comhpháirtíochtaí ina bhfuil trí chatagóir comhpháirtíochtaí, eadhon *comh-chlársceidealaithe, cómhaoinithe agus comhpháirtíochtaí institiúidithe*. Is díol forleathan sásaimh do na Ballstáit an cuíchóiriú agus réasúnú maidir le comhpháirtíochtaí ós rud é go meastar go bhfuil sin i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle a glacadh ar an 1 Nollaig 2017. Díriodh san idirphlé go dtí seo ar chomhpháirtíochtaí a chuimsiú mar shaincheist pleanála straitéisí, ar an gcaidreamh idir misin agus comhpháirtíochtaí, agus ar thorthaí ón Meitheal *ad hoc* CLETN maidir le comhpháirtíochtaí a chuimsiú i dtéacs HEU. I taca le gnéithe airgeadais, léiríodh imní i) maidir le clúdach buiséadach foriomlán na gcomhpháirtíochtaí, ii) maidir leis an sainmhíniú doiléir ar a bhfuil i gceist le bainistiú lárnach ós rud é gur chuir na Ballstáit in iúl nach mian leo potaí comhchoiteanna a chruthú, iii) maidir leis na deacrachtaí a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar ranníocaíochtaí comhchineáil, go háirithe ó chomhpháirtithe tionscail, iv) maidir leis an dúshlán a bhaineann le gealltanais airgeadais a fháil ó na Ballstáit ar bhonn fadtéarmach agus a bheadh ceangailteach ó thaobh an dlí, i ngeall ar na timthriallacha buiséadacha náisiúnta atá acu, v) maidir leis na deacrachtaí a bhaineann le cistiú carnach ó fhoinsí chláir éagsúla de chuid an Aontais, agus vi) an tairseach íosta go mbeadh 50% de na Ballstáit rannpháirteach i gcomhpháirtíochtaí institiúidithe.
- Buiséad: Níor pléadh an buiséad go mion go fóill. Is amhlaidh atá freisin i ndáil leis an luathchéim den chaibidlíocht fhoriomlán maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil. D'iarr roinnt toscaireachtaí, áfach, go gcuirfí miondealú mionsonraithe ar an mbuiséad ar fáil ós rud é go bhfuil misin á dtabhairt isteach agus go gcuimseofaí comhpháirtíochtaí amach anseo.

- Comhar Idirnáisiúnta/Comhlachais: D'iarr na toscaireachtaí go mbeadh cur chuige straitéiseach ann maidir le comhar idirnáisiúnta ar fud HEU, ról do na Ballstáit maidir le cinneadh a dhéanamh i dtaobh na dtíortha a mbeadh comhlachas leo, agus béim níos láidre ar an gcómhálartacht. Ina theannta sin, leag na toscaireachtaí béim ar na híoschritéir incháilitheachta chomh maith leis na srianta ar rannpháirtíocht in ionstraimí aon tairbhí.
- Rialacha maidir le rannpháirtíocht: Léiríonn na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh sa togra ón gCoimisiún go leor comhleanúnachais le cleachtais a bunaíodh i gcláir réime roimhe seo, go háirithe Fís 2020. Cuireadh tús leis an idirphlé ag RECH WP le cur i láthair foriomlán ar an 3 Meán Fómhair 2018, agus táthar ag súil leis na chéad bharúlacha i scríbhinn ó na Ballstáit faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2018.

3. CLÁR SONRACH

- Colún I: Tá comhaontú ginearálta ann maidir leis na gníomhaíochtaí agus na bearta atá beartaithe laistigh de cholún I ós rud é go leantar iontu, cuid mhaith (seachas FET), de ghníomhaíochtaí Fís 2020 agus gur tháinig méadú substainteach ar a mbuiséad. Is mian le roinnt tíortha sciar níos airde de na gníomhaíochtaí Marie Sklodowska-Curie a fheiceáil agus cuireadh inní in iúl maidir leis an meath coibhneasta ar an mbuiséad le haghaidh Bonneagair Taighde. Anuas air sin, mhol roinnt Ballstát go dtabharfaí isteach dreasachtaí/deontais do thaighdeoirí a bhíonn ag filleadh ó thíortha lasmuigh den Aontas, mar aon le céim réamh-ERC a thabhairt isteach lena gcuirfí maoiniú ar fáil do thaighdeoirí óga.
- Colún II: Cé gur díol sásaimh ginearálta do na Ballstáit go bhfuiltear ag tabhairt isteach braislí trasdisciplínacha i gColún II, cáineadh dá bhraisle díobh siúd, (b) "An tsochaí chuimsitheach agus shlán" agus (d) "Aeráid, fuinneamh agus soghluaisteacht" ar an ábhar go bhfuil siad róleathan.
Cuireadh béim freisin ar a thábhachtaí atá sé gach leibhéal réidhe teicneolaíochta (LRTanna) a chuimsiú i ngníomhaíochta an dara colún.

- Colún III: Ba dhíol sásaimh do na Ballstáit bunú na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí. Ag an am céanna, leag siad béim ar an bpointe go bhfuil roinnt ceistanna acu fós maidir le rialachas agus cur chun feidhme. Rinneadh iarrataí ar na sainmhínithe ar chineálacha éagsúla nuálaíochta in Airteagal 2 den Chinneadh. Ina theannta sin, d'iarr na Ballstáit go ndéanfaí comhordú iomchuí leis na gníomhaíochtaí EIT.

Ba dhíol sásaimh do na Ballstáit an smaoineamh gur cheart tacaíocht d'éiceachórais nuálaíochta na hEorpa a mhaoiniú faoin gcolún seo. Ag an am céanna, d'iarr siad soiléiriú breise ar na bearta sonracha agus ar na spriocghrúpaí.

- An Limistéar Taighde Eorpach a Neartú:

Maidir leis na bearta chun "barr feabhais a chomhroinnt", bhí na toscaireachtaí in amhras faoi leordhóthanacht an bhuiséid atá beartaithe agus na ngníomhaíochtaí sa réimse sin. D'iarr roinnt toscaireachtaí bearta breise de chineál cothrománach, e.g. na bearta sin a bhaineann le nósanna imeachta meastóireachta, líonraí a oscailt do chomhpháirtithe nua nó gníomhaíochtaí sonracha a chruthú, laistigh de ERC mar shampla. Thug roinnt toscaireachtaí a dtuairimí uathu maidir le comhdhéanamh, cur i bhfeidhm pras, agus nuashonrú rialta na socruithe i ndáil leis na tograí a thíolacadh faoin gcuid seo de HEU. Ar deireadh, rinneadh machnamh faoi thuarastal na dtaighdeoirí.

Ag féachaint don chuid darb ainm "*Córas taighde agus nuálaíocht an Aontais Eorpaigh a athchóiriú agus a fheabhsú*", chuir roinnt toscaireachtaí inné in iúl nach réimse ar leith é "Eolaíocht agus Sochaí" mar a cuireadh chun feidhme sin i bhFís 2020 agus maidir leis an laghdú sa bhuiséad do na gnéithe sin le hais Fís 2020. Tá tacaíocht fhorleathan ann le feabhas a chur ar na sineirgí idir an Limistéar Eorpach Taighde agus Limistéar Eorpach an Ardoideachais. Mar sin féin, níor mhór cur chun feidhme iarbhir thionscnamh ollscoileanna na hEorpa (EUI) agus ról HEU sa chomhthéacs sin a shainiú ar bhealach níos mionsonraithe.